Aistear
Creatchuraclam na Luath-Óige
The Early Childhood Curriculum Framework

Sampla de Thaifead Foghlama

early childhood ireland

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

1 Féach ar a bhfuil mé a dhéanamh

Cuir leis cur síos gairid agus grianghraf nó dhó díom agus mé i mbun m'aistir foghlama agus forbartha.

Leanbh/leanaí	Cleachtóir	Dáta
Leah (agus í ag súgradh le beirt bhuachaillí)	Myra	An 5 Márta 2013

Cur síos

Tá Leah ag obair in éineacht le Adam agus le John chun díon a dhéanamh don scioból. Úsáideann sí a lámh chlé chun gearradh. Stiúrann Leah an obair go muiníneach agus cinntíonn sí go bhfuil jab ag gach uile dhuine. *Beidh sé mór millteach* a deir Leah agus tugann sí treoir do na buachaillí faoin díon a chur síos ar bharr an sciobóil bhloc. Labhraíonn sí faoi na 'cearchaillí iarainn' atá ag teastáil chun an scioból a 'choinneáil suas' agus míníonn sí do na buachaillí faoi líon na mburlaí ciorclacha a fhéadtar a choimeád sa scioból. Teastaíonn uaithi leaba a dhéanamh do na trí uan a gcoinníonn sí mar pheataí iad chomh maith – .i. Daisy, Dolly agus Jeff.

2 Céard a léiríonn an t-eispéireas seo fúmsa?

Déan machnamh ar mo shuimeanna, ar mo mheonta, ar mo luachanna agus mo dhearcthaí, ar mo scileanna, ar m'eolas agus ar mo thuiscint. Déan iad a nascadh le téamaí, le haidhmeanna agus le spriocanna foghlama de

Is breá le Leah ligean uirthi féin go bhfuil sí ina feirmeoir agus í ag súgradh de bharr go bhfuil cónaí uirthi ar fheirm agus go bhfuil saineolas aici ar roinnt mhaith nithe a bhaineann leis an bhfeirmeoireacht. Léirítear é seo go soiléir ina comhrá faoi chearchaillí, faoi bhurlaí ciorclacha agus faoi na trí uan. Tá sí lánábalta siosúr a úsáid agus oibríonn sí go han-mhaith le leanaí eile. Is cailín muiníneach agus neamhspleách í.

Naisc le *hAistear* – F&L, A 2, SF 3; T&S, A 1, SF 1.

3 Céard a dhéanfaimid anois chun tacú le m'aistear foghlama?

Déan machnamh ar na bealaí a d'fheadfá cabhrú liom tuilleadh a fhoghlaim ar bhealaí a spreagfaidh mé agus mo chuid spéise.

- Cuir tuilleadh fearas leis le húsáid chun sciobóil, fálta agus feirmeacha a thógáil.
- Cuir grianghraif d'fhoirgnimh feirme sa limistéar bloc chun na leanaí eile a spreagadh chun scioból a thógáil.
- Cuir neart páipéir agus ábhar scríbhneoireachta ar fáil chun obair dhearaidh a éascú.
- Iarr ar mham Leah labhairt leis na leanaí faoin bhfeirmeoireacht agus mol di ceann de na huain a thabhairt isteach.
- Aimsigh leabhar maidir le huain a choinneáil mar pheataí.

4 Teastaíonn uaim ar féidir liom a dhéanamh a thaispeáint do mo mhuintir.

Lig dom mo thaifead foghlama a thabhairt abhaile ionas go bhféadfaidh mé é a chur ar shúile mo mhuintire. Is breá leo breathnú ar a bhfuil mé a fhoghlaim agus labhairt liom faoi.

Síniú an Tuismitheora/an Chaomhnóra: _____

Dáta: _____

Nóta Tráchta:

Rinneadh an acmhainn seo a fhorbairt tríd an tionscnamh *Aistear i nGníomh*.